Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2014**
**(OR. en)**

**16554/14**

**LIMITE**

**FISC 226**
**ECOFIN 1167**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | An Cód Iompair (Cánachas Gnó)<br>- Dréacht-tuarascáil don Chomhairle<br>- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

1. Ag an gcruinniú a bhí aige an 20 Samhain 2014, phléigh an Mheitheal um an gCód Iompair an dréacht-tuarascáil ón Mheitheal don Chomhairle (16553/14 FISC 225 ECOFIN 1166) agus dréacht-Chonclúidí atá le glacadh ag an gComhairle (ECOFIN) ag an gcruinniú a bheidh aici an 9 Nollaig 2014.

2. Mar seo a leanas atá mír 12 ón tuarascáil dréachtaithe:

"[*Tar éis na díospóireachtaí ar fad i bhFóram na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta i ndáil le Cleachtais Dhíobhálacha Cánach, d'fhormheas an Mheitheal comhréiteach maidir le cur chuige an chumarphointe mhodhnaithe (féach Iarscríbhinn 1). D'aontaigh an Mheitheal nach raibh na boscaí paitinne AE a rinne an Mheitheal a scrúdú comhoiriúnach le cur chuige an chumarphointe mhodhnaithe faoi mar a glacadh é sa chomhréiteach. Dá bharr sin, ba cheart na boscaí paitinne AE sin a athrú ar aon dul leis an gcomhréiteach. D'aontaigh an Mheitheal gur cheart go dtosófaí leis an bpróiseas reachtach chun an t-athrú sin a chur i gcrích in 2015 chomh maith leis an bhfaireachán gaolmhar a bhí le déanamh ag an Meitheal um an gCód Iompair]*".

3. Ag an gcruinniú céanna, pléadh freisin na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle atá leagtha amach thíos:

"*Maidir leis an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó), fógraíonn Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid a leanas:*

- *is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn na hUachtaránachta Iodálaí mar a leagtar amach é ina tuarascáil (16100/14 FISC 216 ECOFIN 1105);*

- *iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar reo na gníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar, agus ar a cuid oibre faoin bPacáiste Oibre 2011;*

- *iarrann sí ar an gCoimisiún tús a chur arís leis an bplé le Lichtinstéin maidir le réimis dhíobhálacha cánach, mar atá leagtha amach sa tuarascáil;*

- *iarrann sí ar an Meitheal leanúint dá breathnú ar na dréacht-treoracha maidir le Buanbhunaíochtaí Hibride;*

*[- tugann sí dá haire an comhaontú a baineadh amach maidir le léirmhíniú an triú critéar den Chód Iompair ó thaobh boscaí paitinne faoi mar atá sa sainordú reatha;*

- *gur den riachtanas tús a chur leis an bpróiseas reachtach chun réimis na mboscaí paitinne a athrú agus iarrann sí ar an Meitheal faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas sin;]*

- *iarrann sí ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle faoi dheireadh Uachtaránacht na Laitvia."*

4. Le linn chruinniú na Meithle um an gCód Iompair an 20 Samhain 2014, dúirt IT, HR agus NL go raibh forchoimeádas acu i dtaobh mhír 12 den Tuarascáil agus i dtaobh eang 5 agus eang 6 de na dréacht-Chonclúidí (foclaíocht i lúibíní cearnacha). Idir an dá linn, tá a gcuid forchoimeádas tarraingthe siar ag IT agus HR. Le linn Coreper an 3 Nollaig 2014, léirigh NL nach mbeifí in ann a forchoimeádas siúd a aistarraingt. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí an Tuarascáil agus na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle a mheas a bheith aontaithe agus cuireadh na pointí sin faoi bhráid na Comhairle le tuilleadh plé.

5. Iarrtar ar an gComhairle (ECOFIN) dá bhrí sin

- na saincheisteanna atá fós oscailte agus a leagtar amach thuas a phlé, ar saincheisteanna iad maidir leis an tuarascáil agus leis na dréacht-chonclúidí ón gComhairle.
- an tuarascáil (16553/14 FISC 225 ECOFIN 1166) agus na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach thuas iad (mír 3) a fhormhuiniú.